Candidate Information Booklet

poistphoiblí publicjobs

Iniúchóir faoi Oiliúint 2026
in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Baile Átha Cliath)

An Dáta Deiridh: 3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026

Comórtas oscailte do cheapachán sa phost seo a leanas:

Iniúchóir faoi Oiliúint in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Baile Átha Cliath)

UA an Fholúntais: 8263

Teagmháil le: Earcaíocht agus Roghnúchán

Ríomhphost: largevolumerecruitment5@publicjobs.ie

URL: www.publicjobs.ie

Tá poistphoiblí tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus cuireann muid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

Reáchtálfaidh poistphoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá le fáil ar www.cpsa.ie

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

Réamhrá
Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) in Oifig faoi Airteagal 33 den Bhunreacht. Tá feidhm bhunreachtúil aige iniúchadh a dhéanamh ar son an Stáit ar gach cuntas airgid a riarann nó atá faoi údarás an Oireachtais. Ina theannta sin, bronnadh feidhmeanna eile air faoin dlí.

Tugann an ARC&C tacaíocht d'iniúchadh éifeachtach daonlathach trí na tuarascálacha a fhoilsíonn sé agus trí chabhair a thabhairt don Choiste um Chuntais Phoiblí maidir le hiniúchadh ar airgeadas poiblí.

Cabhraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) leis an ARC&C:

- iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh ar chuntais na gcomhlachtaí poiblí
- a chinntiú go bhfuil bearta a dhéanann comhlachtaí poiblí de réir na n-údarás dlí a rialaíonn iad agus go n-úsáidtear na cistí de réir mar a bhí beartaithe dóibh
- féachaint an bhfuil comhlachtaí Stáit ag úsáid a n-acmhainní go heacnamaíoch agus go héifeachtach agus a chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun éifeacht a n-oibríochtaí a mheas
- Cead a thabhairt maidir le cistí ón Státchiste a scaoileadh amach ar chúiseanna a cheadaítear faoin dlí.

Tríd an mandáid sin a chur i bhfeidhm, cuirtear na cúinsí speisialta a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar airgead poiblí san áireamh, lena n-áirítear an gá le hionracas, le bainistíocht riosca agus le rialachas corparáideach stuama.

Déanann an ARC&C iniúchadh ar na cuntais a choinníonn thart ar 290 comhlacht poiblí. Is í príomhaidhm na hoibre iniúchta gealltanas a thabhairt maidir le cruinneas chuntais na gcomhlachtaí poiblí sin. Ina theannta sin, déanann an ARC&C réimse scrúduithe ar chláir nó ar réimsí riaracháin inar tugadh riosca faoi deara maidir le hairgead poiblí a úsáid ar bhealach cuí nó éifeachtach.

Tá sonraí sa bhreis faoi ról agus obair na hOifige le fáil ar an suíomh gréasáin www.audit.gov.ie

Deimhníodh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar 'Ionad Oibre den Scoth' trí bliana as a chéile. Tugadh aitheantas don Oifig ar an liosta Ireland's Best Workplaces™ 2026 agus tugadh aitheantas di chomh maith ar an liosta Ireland's Best Workplaces for Health & Wellbeing™ 2026.

Tá daoine a bhfuil na cáilíochtaí agus an díograis chuí acu chun glacadh le ról an Iniúchóra faoi Oiliúint á lorg ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste anois. Thabharfadh an ról deis iontach do dhaoine cumasacha agus díograiseacha ar mhaith leo dul i ngleic le dúshláin nua, obair fhiúntach a dhéanamh agus difríocht a dhéanamh ar mhaithe le leas Stát agus leas mhuintir na hÉireann.

An Ról
Beidh na dualgais seo a leanas i gceist i ról an Iniúchóra faoi Oiliúint:

- Ag obair mar bhall d'fhoirne iniúchta chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla de chuid comhlachtaí poiblí, mar shampla ranna/oifigí rialtais agus comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ón Stát, comhlachtaí sláinte agus comhlachtaí oideachais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánacha atá i bhfeidhm sna forais iniúchta sin.
- Páirt a ghlacadh in iniúchtaí tionscadail ar chláir nó i réimsí suntasacha i dtaca le caiteachas.
- Páirt a ghlacadh bpróisis athbhreithnithe maidir le feidhmíocht a thomhas i Stiúrthóireacht na hOifige um Iniúchadh ar Fheidhmíocht
- Páirt a ghlacadh in iniúchtaí ar eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí.

Tá sé riachtanach go mbeidh sé de chumas ag an té a cheapfar aon fheidhmeanna a bhaineann le ról an iniúchóra faoi oiliúint a chomhlíonadh.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Beidh ar iarrthóirí rathúla tabhairt faoi chúrsa staidéir faofa chun ballraíocht iomlán a fháil i bhforas cuntasaíochta gairmiúil aitheanta ar a ndéanann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) maoirseacht. Ní mór an bhallraíocht sin a fháil laistigh de sheacht mbliana, ar a mhéad, ó dháta an cheapacháin. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach na Príomhchoinníollacha Seirbhíse ar leathanach 5.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí
Beidh na príomhdhualgais agus na príomhfhreagrachtaí seo a leanas i gceist d'Iniúchóir faoi Oiliúint:

- A bheith páirteach in iniúchtaí, i bhfiosrúcháin nó i scrúduithe de réir mar a shocraíonn an Bainisteoir Líne
- Eolas cúlra a bhailiú chun tascanna oibre a phleanáil
- Obair a phleanáil agus a eagrú chun spriocanna a bhaint amach agus chun cloí le spriocdhátaí
- Cláir iniúchta a fhorbairt agus a chur in oiriúint (chun trialacha iniúchta atá comhlíonta agus fianaise a bailíodh a thaifeadadh) de réir na ngnáth-theimpléad agus an eolais ábhartha maidir le hoibriú na gcomhlachtaí a ndéantar iniúchadh orthu
- Obair iniúchta a dhéanamh de réir beartais agus treoirlínte inmheánacha agus seachtracha ar an gcaighdeán cuí.
- Eolas airgeadais a mheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais i gcomparáid leis an bhfianaise a bailíodh.
- Amhras faoi iniúchtaí a phlé leis an mBainisteoir Líne agus leis an gcliant, más cuí
- Codanna de thuarascálacha iniúchta a dhréachtú
- Páirt a ghlacadh i gcleachtaí chun topaicí a aithint maidir le réimse leathan réimsí feidhmíochta i ranna rialtais agus i gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála
- Bogearraí speisialtachta a úsáid chun obair iniúchta a chur i ndoiciméad agus chun anailís a dhéanamh ar shonraí iniúchta
- Eolas faoi chúrsaí ama agus faoi thascanna a thaifeadadh ar chóras leictreonach faisnéise na hOifige
- Dul chuig iniúchtaí lasmuigh den cheanncheathrú, lena n-áirítear iniúchtaí a bhíonn ar siúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath de réir mar is gá (seans go mbeidh taisteal thar oíche i gceist)
- Tabhairt faoi dhualgais eile iniúchta agus faoi dhualgais neamh-iniúchta, de réir mar is gá

Tabhair faoi deara: Níl sa mhéid thuas ach treoir ghinearálta i dtaca le príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an róil agus ní cur síos iomlán é. Is féidir go dtabharfar dualgais agus freagrachtaí eile atá oiriúnach don ról don cheapaí ó am go ham.

Ionad Oifige agus Folúntais
Tá ceanncheathrú Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Shráid an Mhéara, Baile Átha Cliath 1.

Tá roinnt folúntas ann faoi láthair agus cuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo ar phainéal, in ord fiúntais, chun folúntais reatha agus folúntais a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a líonadh.

Níltear ag súil leis go ndéanfar ceapacháin ó na painéil sin tar éis mhí Eanáir 2028.

An Timpeallacht Oibre
Beidh ar iarrthóirí rathúla a bheith i láthair sa cheanncheathrú nó i suíomh cliaint ainmnithe gach lá don chéad ceithre seachtaine chun gur féidir leo tabhairt faoi ionduchtú agus oiliúint. Ina dhiaidh sin, is féidir leo iarratas a chur isteach ar obair hibrideach.

Cé go mbeidh ar an gceapaí a bheith i láthair sa cheanncheathrú nó i suíomh cliaint, tá córas um obair hibrideach i bhfeidhm san Oifig, trína ligtear do bhaill foirne suas le 60% dá gcuid ama, ar a mhéad, a chaitheamh ag obair ón mbaile.

Is féidir go mbeidh tionchar ag an gcéim den tréimhse oibre agus ag riachtanais ghnó nó riachtanais na gcliant ar phatrúin oibre. Is féidir go mbeidh ar an gceapaí a bheith i láthair sa cheanncheatrhú chomh maith do laethanta foirne san oifig agus d'fhoghlaim agus d'fhorbairt san oifig.

Is féidir go mbeidh sé riachtanach dul chuig áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó am go ham. Nuair a bhíonn an duine ar dualgas, agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú, íocfar costais chuí taistil agus liúntais chothaithe, faoi réir ghnáthrialacha na státseirbhíse.

Oiliúint agus Forbairt
Mar aon le hoiliúint ar an láthair, cuireann an Oifig na nithe seo a leanas ar fáil do bhaill foirne:

- Maoiniú d'oideachas sa chuntasaíocht ghairmiúil agus saoire staidéir
- Cúrsaí oiliúna agus forbartha gairmiúla sa bhreis a chuirtear ar siúl go hinmheánach agus go seachtrach
- Oiliúint TFC

Buntáistí
Mar aon le gairm fhiúntach, dhúshlánach agus shuimiúil ina bhfuil éagsúlacht, is iad seo a leanas cuid de na buntáistí a chuirtear ar fáil dóibh siúd atá ag obair mar Iniúchóir faoi Oiliúint in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste:

- Tuarastal, a thosaíonn ag €42,541 agus incrimintí bliantúla atá bunaithe ar fheidhmíocht shásúil
- Maoiniú agus saoire do scrúduithe gairmiúla cuntasaíochta
- Rochtain ar obair hibrideach (suas le 60% ón mbaile) i ndiaidh tréimhse iondúcthaithe ar an láthair
- Pinsean Earnála Poiblí
- 23 lá saoire sa bhliain, ag ardú go 24 lá i ndiaidh 5 bliana de sheirbhís
- Ag brath ar riachtanais ghnó agus tréimhse phromhaidh shásúil

- Obair sholúbtha agus tiomantas do chothromaíocht oibre is saoil agus ionad oibre a thacaíonn le teaghlaigh (lena n-áirítear socruithe postroinnte agus roghanna éagsúla i dtaca le saoire speisialta)
- Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra.
- Deis cur isteach ar shosanna gairme
- Deiseanna foghlama agus forbartha

- An scéim um rothaíocht chun na hoibre
- Rochtain ar Chomhar Creidmheasa na Seirbhíse Poiblí
- Ceadúnas d'iompar poiblí a chabhraíonn le daoine cáin a shábháil
- Deiseanna ardaithe céime

Eolas Tábhachtach: Iniúchóir faoi Oiliúint in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Raon Tuarastail: Ó €42,541 go dtí €64,514 (Uas.) **Saoire Bhliantúil Thosaigh:** 23 Lá

Uaireanta freastail: 41 uair an chloig agus 15 nóiméad san iomlán sa tseachtain (35 uair an chloig glan)

Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse: **CLICEÁIL ANSEO** chun féachaint ar na Príomhchoinníollacha Seirbhíse a bhaineann leis an ról (scála tuarastail iomlán san áireamh).

Dáta Deiridh an Chomórtais: Ní mór duit d'iarratas a chur isteach ar shuíomh gréasáin poistphoiblí ag **3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026** nó roimhe sin.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig tar éis duit d'iarratas a chur isteach, seol ríomhphost chuig: largevolumerecruitment5@publicjobs.ie

Moltar duit súil a choinneáil ar **d'Ionad Iarratais poistphoiblí** go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/thástálacha/agallaimh srl. a fhoilsítear sa rannán **"Breathnaigh ar Chomhfhreagras"** chuig d'fhillteán ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar. Moltar duit freisin súil a choinneáil ar na fillteáin sin ar fad go minic.

NA RIACHTANAIS IONTRÁLA

Riachtanach

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu ar an 2 Samhain 2026* nó roimhe sin:

1. Scrúduithe gairmiúla cuntasaíochta aitheanta a bheith déanta acu agus pas faighte acu iontu i bhforas cuntasaíochta ar a ndéanann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) rialú, i.e. Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC), Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta (CCI), Cuntasóirí Cairte na hÉireann (CCÉ), Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB), Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta (ICAPC)

NÓ

2. Bunchéim onóracha ag grád 2.1, ar a laghad (Leibhéal 8, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) (nó cáilíocht ar aon chéim leis sin ar Chreat NARIC um Cháilíochtaí Iasachta in Éirinn) sa Chuntasaíocht, sa Ghnó nó san Airgeadas

NÓ

3. A bheith mar chuntasóir cáilithe agus ballraíocht iomlán a bheith acu i bhforas cuntasaíochta forordaithe ar a ndéanann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) maoirseacht, i.e. Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC), Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta (CCI), Cuntasóirí Cairte na hÉireann (CCÉ), Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB), Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta (ICAPC)

NÓ

4. A bheith mar bhall de Theicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann

Tabhair faoi deara: Ní mór d'iarrthóirí rathúla a bheith sásta tabhairt faoi scrúduithe gairmiúla cuntasaíochta agus ballraíocht iomlán a fháil i bhforas cuntasaíochta gairmiúil aitheanta ar a ndéanann ÚMICÉ maoirseacht má cheaptar iad de thoradh an chomórtais seo.

**Tábhachtach: Tá iarrthóirí a chreideann go mbeidh cáilíocht a leagtar amach i bpointe 1 go pointe 4 thuas ar an 2 Samhain 2026 nó roimhe sin incháilithe chun iarratas a chur isteach. Mura gcuirtear na cáilíochtaí cuí ar fáil nó murar féidir leis an iarrthóir na cáilíochtaí cuí a chur ar fáil roimh an dáta a sonraíodh, áfach, ní dhéanfar iarratas an duine sin ar an ról a mheas a thuilleadh.*

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann na nithe seo a leanas a léiriú chomh maith:

5. Scileanna eagrúcháin agus pleanála den chéad scoth agus cumas cruthaithe tascanna/tionscadail a chur in ord tosaíochta, a bhainistiú agus a chur chun cinn i dtimpeallacht ghnóthach.
6. Scileanna taighde agus anailíse den chéad scoth agus cumas cruthaithe obair ardchaighdeáin a dhéanamh go leanúnach agus cloí le sprioc-amanna ar leith
7. Breithiúnas stuama agus scileanna láidre maidir le cinntí a dhéanamh
8. Díograis ardleibhéil, lena n-áirítear an cumas obair a dhéanamh faoi bhrú agus sprioc-amanna dúshlánacha a bhaint amach

9. An cumas fanacht le tascanna go dtí go gcríochnaítear iad
10. An cumas obair a dhéanamh as a stuaim féin nó faoi stiúir nó mar bhall d'fhoireann
11. Scileanna cumarsáide den chead scoth, idir labhartha agus scríofa, agus líofacht sa Bhéarla
12. Scileanna idirphearsanta den chéad scoth agus an cumas dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a chothú go hinmheánach agus go seachtrach
13. Cumas eolas a bhaineann leis an iniúchadh a aithint agus a fháil
14. Muinín, stuamacht agus cinnteacht ag déileáil le daoine eile ag leibhéil éagsúla i gcomhlachtaí ar a ndéantar iniúchtaí
15. Solúbthacht agus díograis ardleibhéil toisc gur gá d'Iniúchóirí Faoi Oiliúint dul ó chomhlacht iniúchta amháin go comhlacht iniúchta eile nó ó chineál amháin oibre go cineál eile go minic
16. A bheith in ann scileanna teicniúla a bhaineann le hobair na hOifige a fhorbairt agus a úsáid
17. Díograis maidir le scileanna agus cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann le hobair na hOifige a fhorbairt agus a bhaint amach go leanúnach
18. Scileanna maithe i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus cumas i bhfeidhmchláir Microsoft Office, lena n-áirítear Word agus Excel.

Riachtanais Inmhianaithe

- Taithí i dtimpeallacht iniúchta nó chuntasaíochta
- Cumas/saineolas i réimse na cuntasaíochta, maidir le leabhair a choimeád nó córais agus nósanna imeachta airgeadais
- Taithí ar anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil
- Eolas maith ar chórais agus ar nósanna airgeadais rialtais/earnála poiblí
- Tuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn córais TF agus ar rialáil agus shlándáil sa réimse sin
- Eolas ar an nGaeilge mar go bhfuil an Oifig freagrach as iniúchadh ar chuntais in eagraíochtaí áirithe Gaeilge

NÓTA: Is féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheiridh sa phróiseas; mar sin i gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann na critéir iontrála/cháilitheachta, ar an **2 Samhain 2026** nó roimhe sin, agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tá siad ag cur costais/dua gan ghá orthu féin agus ní thairgfear post dóibh san fheachtas seo.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir le poistphoiblí comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí/cháilitheacht an duine sa chas nach ndéantar an té sin a mheas mar gheall ar líon na n-iarratas. Tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta a leagadh amach thuas agus tá sé de cheart ag poistphoiblí a shocrú ag pointe ar bith nach bhfuil iarrthóir incháilithe má cheaptar nach bhfuil an cháilitheacht/cáilíochtaí riachtanacha ag an té sin m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá á meas tar éis chéim dheiridh an phróisis roghnúcháin fianaise i ndoiciméid a thabhairt faoina gcáilitheacht, cáilíochtaí san áireamh.

Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha aige roimh an spriocdháta a shonraítear. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnúcháin agus a rá go bhfuil iarrthóir incháilithe.

Tá an t-eolas uilig maidir le Cáilitheacht chun dul san Iomaíocht agus Srianta áirithe i dtaca le Cáilitheacht le fáil anseo.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh
Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí **www.publicjobs.ie**.

Is faoin iarrthóir féin atá sé an comórtas ceart/na comórtais chearta a roghnú.

In poistphoiblí, bhog muid chuig ardán earcaíochta nua le déanaí chun feabhas a chur ar ár seirbhísí agus ar thaithí an iarrthóra. De bharr na seirbhíse nua, beidh d'iarratas níos feiceálaí duit agus beidh níos mó smachta agat air.

Agus iarrthóirí ag úsáid ár n-ardáin earcaíochta nua den chéad uair, ní mór dóibh clárú mar Úsáideoir Nua chun próifíl a chruthú (cuntas a chlárú). Chun sin a dhéanamh, téigh chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air ar Chlár na bPost trí chliceáil ar theideal an phoist. Tabharfar chuig an bhfolúntas thú agus beidh tú in ann cliceáil ar "Déan Iarratas" sa rannán ar thaobh na láimhe deise ar ár suíomh gréasáin, nó ag bun an fhógra. Beidh ar iarrthóirí nár chláraigh ar ár n-ardán earcaíochta nua cheana roinnt sonraí pearsanta a chur isteach chun leanúint ar aghaidh lena n-iarratas. Beidh ort do chuntas a dheimhniú, agus ba chóir duit súil a choinneáil ar do chuntas ríomhphoist agus na treoracha a leanúint chun do chuntas a dheimhniú. Tabhair faoi deara nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Beidh cuntas ag iarrthóirí a chláraigh cheana féin agus ba chóir dóibh "Logáil Isteach" a roghnú ón rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh cláraithe nó tríd an nasc ag bun an leathanaigh.

Agus tú cláraithe agus nuair a dheimhnítear do sheoladh ríomhphoist, ní mór duit teacht ar an bhfoirm iarratais, agus a chinntiú go líonann tú gach cuid den fhoirm iarratais isteach agus go gcuireann tú isteach i gceart í.

Chun sin a dhéanamh, beidh ort dul ar ais chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air – **Iniúchóir Faoi Oiliúint 2026 in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** - ar chlár na bpost ar **www.publicjobs.ie** agus cliceáil ar "**Déan Iarratas**". An uair seo, ba chóir duit "Logáil Isteach" a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an Leathanaigh Logála Isteach. Is é an seoladh ríomhphoist atá ceangailte le do chuntas d'ainm úsáideora. Tabhair faoi deara go bhfuil d'ainm úsáideora agus do phasfhocal cásíogair.

Léigh na treoracha seo a leanas go cúramach, le do thoil. De réir mar a théann tú ar aghaidh tríd an iarratas, ag bun gach leathanaigh beidh an rogha agat brú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh". Ní dhéantar an t-eolas a chuireann tú isteach a shábháil ach nuair a chliceálann tú ar an gcnaipe "Sábháil agus Lean Ar Aghaidh". Má dhúnann tú an brabhsálaí sula gcliceálann tú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh" nó mura ndéanann tú aon rud ar an gcóras ar feadh 30 nóim. nó níos mó, is féidir go logálfar amach as an bhfoirm iarratais thú agus go gcaillfear do chuid eolais.

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán. Tá réiltín * in aice leis na rannáin riachtanacha. Ní mór na rannáin sin a líonadh isteach sula mbeidh tú in ann an t-iarratas a chur isteach. Is féidir leat an fhoirm a shábháil mar dhréacht agus filleadh uirthi níos déanaí, ach tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm a chur isteach chun go ndéanfar thú a mheas don chomórtas agus nach rachaidh dréachtaí d'iarratais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Ní mór go mbeadh tic glas in aice le gach rannán sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn sula mbeidh tú in ann iarratas a chur isteach. Téigh ar ais chuig aon rannán nach bhfuil tic glas in aice leis sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn agus beidh treoracha le feiceáil maidir leis an eolas atá ag teastáil. Cinntigh go bhfuil gach eolas i gceart sula gcuireann tú d'iarratas isteach toisc nach féidir aon athruithe a dhéanamh i ndiaidh duit iarratas a chur isteach. Nuair a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, tabharfar chuig leathanach thú ar a ndeimhneofar go bhfuarthas d'iarratas. Is féidir leat stádas d'iarratais a fheiceáil am ar bith trí logáil isteach, d'ainm a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh agus "Breathnaigh ar Iarratais" a roghnú. Ag an bpointe sin, ba

chóir duit **@publicjobs.tal.net** a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó poistphoiblí.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh dó, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na critéir ar fad.

Téigh chuig an **Ionad Cabhrach** má tá ceisteanna agat nó má thagann deacrachtaí teicniúla chun solais agus tú ag iarraidh bogadh timpeall an tsuímh nó d'iarratas a chur isteach.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

Maidir le hiarrthóirí a chuir isteach ar an ról seo, nó ar róil cosúil leis, cheana agus ar mhaith leo cóip den fhoirm iarratais a chuir siad isteach roimhe seo a fháil, ba chóir dóibh ríomhphost a sheoladh chuig dataprotection.officer@publicjobs.ie agus trí cinn de na haitheantóirí seo a leanas a dheimhniú a luaithe is féidir.

1. Ainm iomlán 2. Dáta breithe, 3. Ainm Úsáideora, 4. *UA an Iarrthóra (bheadh sé sin in aon chomhfhreagras maidir le hiarratais a chuir tú isteach roimhe seo) 5. *UPSP

Tá 2 aitheantóir ar leith uainn (eolas nach bhfuil ar fáil go héasca do dhaoine eile, a bhfuil réiltín* in aice leis thuas) chun a dheimhniú gur tusa sealbhóir an chuntais. **Mura bhfuil freagra agat ach ar cheann amháin de na haitheantóirí (a bhfuil réiltín in aice leo thuas*), freagair ceachtar de na ceisteanna seo a leanas (más cuí)**

• liostaigh do cháilíochtaí scoile/coláiste
• liostaigh an 2 Fheachtas is déanaí ar chuir tú isteach orthu
• liostaigh na foláirimh maidir le poist atá socraithe agat

Murar féidir leat aon cheann de na ceisteanna sin a fhreagairt, tabhair an t-eolas seo a leanas dúinn:

• Seoladh, Eircode san áireamh
• Uimhir ghutháin oibre
• Uimhir ghutháin (guthán póca)

Iarrthóirí faoi Mhíchumas – Socruithe Réasúnta don Phróiseas Roghnúcháin
Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach cearn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim aige i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Tá muid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.
Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnúcháin, molann muid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort. Tabhair faoi deara nach mbaineann seo ach leis an bpróiseas roghnúcháin amháin (m.sh. trialacha ar líne, agallaimh srl.) agus ní le socruithe san ionad oibre.

Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta inár bpróiseas roghnúcháin ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. Maidir leis na socruithe a chuireann muid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus socruithe éagsúla eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, geallann muid nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnúcháin; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann

tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoidh muid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.
Má éiríonn leat, ní sheolfaidh muid eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl i d'fhoirm iarratais/do phróifíl go mbeidh socruithe réasúnta uait, ba chóir duit cóip de do thuairisc ó shíceolaí/do thuairisc leighis a uaslódáil go díreach le d'iarratas ar líne sula gcuireann tú d'iarratas isteach. Ní mór duit cóip de do thuairisc leighis/do thuairisc ó shíceolaí a chur ar fáil roimh dháta deiridh an chomórtais (3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026). Ná seol cóip de do thuairisc chuig bosca isteach an aonaid earcaíochta trí mheán an ríomhphoist.

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt do poistphoiblí chun gur féidir socruithe réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/do dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/de thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Má chuir tú isteach ar chomórtas le poistphoiblí cheana agus má chuir tú tuairisc isteach (le 3 bliana anuas), beidh rannán san iarratas ar líne inar féidir leat sonraí a thabhairt faoin gcomórtas ar chuir tú isteach air roimhe seo agus/nó an UA Iarrthóra a bhí agat roimhe seo. Deimhneoidh ball d'Aonad na Seirbhísí Measúnaithe an bhfuil do thuairisc fós ar taifead (má thug tú cead dúinn an t-eolas sin a choinneáil).

Má tá aon cheist agat faoi phróiseas na socruithe réasúnta nó faoi na socruithe a tugadh duit, nó má tá aon deacracht agat agus tú ag iarraidh teacht ar thuairisc leighis/ar thuairisc ó shíceolaí roimh an dáta deiridh, téigh i dteagmháil le ASU@publicjobs.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hinrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar an leathanach ar a bhfuil eolas faoin Inrochtaineacht. Más mian leat aon cheist a bhaineann le hinrochtaineacht ár seirbhíse nó ár bhfoirgnimh a phlé, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh ag edi@publicjobs.ie.

An Dáta Deiridh
Ní mór duit d'iarratas a chur isteach ar shuíomh gréasáin poistphoiblí ag **3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026** nó roimhe sin. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de 24 uair an chloig ó chuir tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig

largevolumerecruitment5@publicjobs.ie

Moltar duit súil a choinneáil ar do chlár teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/thástálacha/agallaimh srl. a chuirtear chuig do chlár teachtaireachtaí chuig d'fhillteáin ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar. Moltar duit freisin súil a choinneáil ar na fillteáin sin ar fad go minic.

Is faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go bhfuil sé ag fáil gach cumarsáide ó poistphoiblí. Níl poistphoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a leagann poistphoiblí amach agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a thugtar ar an bhfoirm iarratais cruinn agus ceart.

An Próiseas Roghnúcháin
Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnúcháin don chomórtas seo. **Is féidir** go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a líonadh isteach;
- Triail/trialacha ar líne agus/nó triail/trialacha ar páipéar;
- gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas ina n-iarratas, i gcomparáid le critéir a leagtar amach bunaithe ar riachtanais an phoist
- Agallamh físe ar líne;
- Agalla(i)mh Iomaíoch(a);
- Cur i láthair/cleachtadh anailíse;
- Sampla de chás oibre;
- Aon triail nó aon chleachtadh eile a cheaptar atá riachtanach, lena n-áirítear tástálacha inniúlachta teanga.

Ní mór d'iarrthóirí gach céim den phróiseas roghnúcháin a chomhlíonadh go rathúil sula bpléifear leo chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Socróidh poistphoiblí, ó am go ham, an líon iarrthóirí a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

Dátaí Sealadacha don Phróiseas Roghnúcháin

An Dáta Deiridh	3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026
Ní mór d'iarrthóirí faoi mhíchumas cóip dá dtuairisc ó shíceolaí/dá dtuairisc leighis a uaslódáil go díreach lena n-iarratas ar líne sula gcuireann siad an t-iarratas isteach. (Féach leathanach 9 chun tuilleadh sonraí a fháil)	3i.n. Déardaoin an 17 Meán Fómhair 2026
Céim 1 – Cleachtadh Cás-Staidéir	Dé Céadaoin an 14 Deireadh Fómhair 2026
Céim 2 – Agallamh	Dé Luain an 30 Samhain go dtí Dé hAoine an 4 Nollaig 2026

Tabhair faoi deara gur dátaí sealadacha atá i gceist agus gur féidir go n-athrófar iad.

Tabhair faoi deara: Mura gcloiseann poistphoiblí faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a thagann chun solais roimh nó ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheidh muid in ann plé leo ina dhiaidh sin.

Gearrliostú
Go hiondúil, is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus na folúntais a bheidh le líonadh amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir critéir cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh poistphoiblí cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh.

Cuireann poistphoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais, a roghnú

le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach mbeadh siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe ann atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu. Le linn an phróisis gearrliostaithe, déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go ndéanfar caighdeán an ábhair i ngach foirm iarratais a mheas le linn an phróisis chomh maith. Is féidir go mbeidh critéir riachtanacha agus inmhianaithe san áireamh sna critéir ghearrliostaithe a leagtar amach don phost seo agus moltar duit, mar sin, cuntas cuimsitheach agus cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas. Is faoin iarrthóir féin atá sé an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus go cruinn.

Maidir le comórtais ina mbíonn líon mór iarrthóirí, is féidir go gcuirfear iarrthóirí in ord fiúntais bunaithe ar a dtorthaí sna trialacha ar líne agus cuirfear ar an ngearrliosta iad de réir na háite a bhaineann siad amach san ord fiúntais. Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus ceann de na háiteanna is airde a bhaint amach chun go ndéanfar iad a mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin ilchéimneach. Socróidh poistphoiblí, ó am go ham, an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

An Chéad Chéim Eile
Má dhéantar thú a mheas chun dul ar aghaidh chuig na céimeanna eile den phróiseas roghnúcháin, seolfar eolas chugat ag an am cuí.

Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais maidir le Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dó toradh a fháil d'aon chéim de phróiseas roghnúcháin, is féidir leis:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis
   Nó
2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnúcháin míchothrom

Is féidir le hiarrthóirí tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnúcháin, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnithe ar phróiseas roghnúcháin faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a dtoil**.

Níl aon dualgas ar poistphoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh poistphoiblí idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn siad gur cosúil go ndearnadh earráid.

Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7
Is féidir le hiarrthóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh má tá sé míshásta le haon bheart nó le haon chinneadh a rinne poistphoiblí. Breathnóidh poistphoiblí ar iarratais ar athbhreithniú de réir na bhforálacha a leagtar amach in **Alt 7** den Chód Cleachtais maidir le Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leis, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena chás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór aige leis an bpróiseas roghnúcháin a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis dó díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith aige, is féidir leis iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama sin a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a chúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann sé amach na fíricí a léiríonn, dar leis, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Gearán a dhéanamh faoi Alt 8
Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh poistphoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig poistphoiblí ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil sé míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socróidh poistphoiblí nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál sin, is féidir go ndeánfaidh poistphoiblí agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an CCSP ordú a thabhairt do poistphoiblí cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina iarratas mar chuid de phróiseas roghnúcháin iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leis, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leis, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon poistphoiblí prionsabail an Chóid seo.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór aige leis an bpróiseas roghnúcháin a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis dó díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith aige, is féidir leis iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama sin a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.

- Ní mór don iarrthóir a chúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann sé amach na fíricí a léiríonn, dar leis, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas le fáil sa Chód Cleachtais maidir le Ceapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie

Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil
Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Is féidir aiseolas agus athscrúdú a lorg go dtí sé mhí tar éis chríochnú gach céime den chomórtas. Tabhair faoi deara, áfach, gur próiseas éagsúil é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas/athscrúdú a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

Cód Cleachtais a Shárú
Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,
- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

Eolas Ginearálta faoin gComórtas

CLICEÁIL ANSEO chun teacht ar Eolas Ginearálta, Dualgais an Iarrthóra agus an RGCS san áireamh.

Aguisín 1

EOLAS TÁBHACHTACH
Téarmaí agus Coinníollacha

Ainm
Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

Dírítear d'aird ar an eolas tábhachtach seo a leanas. Má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar measúnaithe/trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí atá leagtha amach.

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /na hábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus/nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach (lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó eolais) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Má dheantar a leithéid, coir atá i gceist agus is féidir go bhfágfar as an bpróiseas roghnúcháin thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an t-iarrthóir nó duine eile iad, nó a chabhraíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus/nó agra sibhialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

2. Dírítear d'aire ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i gCuid 5 – Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

   Canbhasáil
   Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint má dhéanann siad iarracht canbhasáil a dhéanamh nó daoine eile a spreagadh chun canbhasáil a dhéanamh maidir lena n-iarratas go ndícháileofar iad agus go mbainfear amach as an bpróiseas ceapacháin iad.

   Dualgais na nIarrthóirí:
   Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:
   - Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
   - Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
   - Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

   Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

   Pionóis sa chás nach gcloítear leis na forálacha thuas
   Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. D'fhéadfaí fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

   I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:
   - Sa chás nár ceapadh an té sin i bpost, dícháileofar é mar iarrthóir
   - Sa chás gur ceapadh an té sin de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé an ceapachán sin.

3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

poistphoiblí
publicjobs

publicjobs,
Chapter House,
26/30 Upper Abbey Street,
Dublin 1.
Eircode: D01 C7W6.
Phone: 01 858 7400

You can also keep up to date on **publicjobs.ie** and follow us on our social platforms: